



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2022
(OR. en)

7192/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0072 (APP)**

**RESPR 6
FIN 334
CADREFIN 33
POLGEN 37**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Márta 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 102 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 an 30 Aibreán 2021 a mhéid a bhaineann le bearta cur chun feidhme le haghaidh acmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 102 final.

Faoi iamh: COM(2022) 102 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2022
COM(2022) 102 final

2022/0072 (APP)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 an 30 Aibreán 2021 a mhéid a bhaineann le bearta cur chun feidhme le haghaidh acmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2020/2053 maidir le hAcmhainní Dílse a glacadh an 22 Nollaig 2021¹, cuirtear trí acmhainn dhílse nua le buiséad an Aontais. Beidh na hacmhainní dílse nua breise sin bunaithe ar Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí maidir le lamhálaí astaíochtaí gáis ceaptha teasa, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, agus áireofar iontu ranníocaíocht náisiúnta le buiséad an Aontais bunaithe ar sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta mar a ath-leithdháileadh ar na Ballstáit iad de bhun na Treorach ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais a chuirfidh an Coimisiún síos le linn 2022.

Is é is cuspóir don togra seo leasú a dhéanamh ar na bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle². Leis an togra seo, cuirtear isteach na socruithe praiticiúla, an rialú comhréireach is gá, an mhaoirseacht agus na bearta athbhreithnithe le haghaidh na n-acmhainní dílse nua breise.

Comhlánaítear an togra seo, i gcomhréir le hAirteagal 322(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le rialacháin lena gcinntear na modhanna agus an nós imeachta trína ndéantar ioncam ó acmhainní dílse a chur ar fáil don Choimisiún nó a íoc leis an gCoimisiún, lena n-áirítear bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh i gcás inar gá.

Áirítear sa togra na forálacha agus na socruithe uasghrádaithe is gá chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar na hioncaim a eascraíonn as na hacmhainní dílse nua;

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Baineann an togra seo leis na Rialacháin maidir le Cur Ar Fáil, go sonrach: (i) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (le haghaidh Acmhainní Dílse Traidisiúnta agus na hAcmhainní Dílse bunaithe ar Cháin Bhreisluacha agus ar Ollioncam Náisiúnta)³; agus (ii) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2021/770 ón gComhairle (le haghaidh na nAcmhainní Dílse nua bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht Phlaisteach)⁴.

¹ Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, COM(2021) 570 final.

² Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 (IO L 165, 11.5.2021, lch. 1).

³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse bunaithe ar CBL agus acmhainní dílse bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39).

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, maidir leis na

Ar deireadh, tá sé nasctha leis an Rialachán lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh an chórais Acmhainní Dílse (an Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2021/768 atá ann faoi láthair, arna leasú⁵.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I bhfianaise chineál na n-acmhainní dílse, tá a mbainistíocht ag brath ar bheartais eile de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm mar is ceart:

- (1) Tá Acmhainní Dílse Traidisiúnta nasctha leis an aontas custaim;
- (2) Tá acmhainn dhílis bunaithe ar Cháin Bhreisluacha nasctha leis an margadh inmheánach;
- (3) Tá acmhainní dílse atá bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht Phlaisteach nasctha le beartais maidir leis an gcomhshaol agus maidir le gníomhú ar son na haeráide;
- (4) Déanfar acmhainn dhílis atá bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte a nascadh leis an margadh inmheánach a luaite a thrasuitear i ndlí an Aontais í.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an ceathrú mír d’Airteagal 311 CFAE bunús dlí an togra seo;

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo le haghaidh Rialachán leasaitheach (AE, Euratom) 2021/768, cuirtear isteach na bearta is gá le haghaidh na n-acmhainní dílse nua. Chun acmhainní dílse nua a áireamh sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, tá gá le reachtaíocht atá tugtha cothrom le dáta lena n-áirítear bearta cur chun feidhme le haghaidh na n-acmhainní dílse nua sin agus lena gcuirtear feabhas ar na bearta atá ann cheana.

- **An rogha ionstraime**

An rogha i ndáil le Rialachán ón gComhairle, tá sí bunaithe go díreach ar an gceathrú mír d’Airteagal 311 CFAE ina luaitear go sonrach ‘*Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí bhithin rialachán (...), bearta cur chun feidhme chóras acmhainní dílse an Aontais a leagan síos*’.

modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir le bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta (IO L 165, 11.5.2021, lch. 15).

⁵ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

3. ÁBHAR AN LEASAITHE

Maidir leis an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, féadfar achoimre a dhéanamh air mar a leanas:

Caibidil II ‘Forálacha maidir le rialú agus maoirseacht agus ceanglais tuairiscithe ábhartha’

- Déantar forálacha Airteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ‘Bearta rialaithe agus maoirseachta’ a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis na hacmhainní dílse nua arna mbunú le hAirteagal 2(1)(e), (f) agus (g) de thogra COM(2021) 570 final.
- Maidir le hacmhainní dílse an Chórais Trádála Astaíochtaí, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar shonraí agus ar dhoiciméid a bhaineann leis an bpróiseas ceantála chun cruinneas agus iomláine an ráitis ar acmhainn dhílis an Chórais Trádála Astaíochtaí a cuireadh ar fáil do bhuiséad an Aontais a fhíorú. Féadfaidh an Coimisiún cigireacht ar an láthair a dhéanamh sna Ballstáit freisin.
- A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, déanfaidh an Coimisiún seiceálacha agus fiosrúcháin maidir leis an ríomh, maidir leis an acmhainn dhílis a chur ar fáil, lena n-áirítear na rialuithe ar na próisis fholuiteacha arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh sna Ballstáit.
- A mhéid a bhaineann leis na hacmhainní dílse atá bunaithe ar bhrabúis ath-leithdháilte, tabharfaidh an Coimisiún faoi fhíoruithe chun a áirithiú go ndearnadh na ríomhanna le haghaidh na hacmhainne dílse mar is ceart, lena n-áirítear seiceáil ar chomhlíontacht na sonraí foluiteacha le hath-leithdháileadh sciár de bhrabús iarmharach fiontar ilnáisiúnta a leithdháiltear ar Bhallstáit.
- Déantar foráil Airteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ‘Ullmhú agus bainistiú cigireachtaí’ a leathnú agus a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na heintitis ar cheart dóibh rochtain a thabhairt ar shonraí agus ar chúnamh don ghníomhaire údairithe i bhfeidhmiú na rialuithe atá beartaithe don Chóras Trádála Astaíochtaí, don Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus don acmhainn dhílis ath-leithdháilte bunaithe ar bhrabús is infheidhme maidir le gach acmhainn dhílis.
- Leasaítear na haithrisí freisin dá réir sin

Forálacha críochnaitheacha agus teacht i bhfeidhm

Luaitear sa togra go dtiocfaidh an Rialachán leasaithe i bhfeidhm an tráth céanna leis an gCinneadh leasaithe maidir le hAcmhainní Dílse, a luaithe a dhéanfar é a leasú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 an 30 Aibreán 2021 a mhéid a bhaineann le bearta cur chun feidhme le haghaidh acmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d’Airteagal 311, an ceathrú mír, de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe d’Airteagal 106a de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom⁶, agus go háirithe d’Airteagal 10 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa⁷,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh XX/XX ón gComhairle, tugtar isteach, mar acmhainní dílse nua, an Córas Trádála Astaíochtaí, a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a bunaíodh le Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ agus sciar de bhrabús iarmharach fiontar ilnáisiúnta a ath-leithdháiltear ar na Ballstáit mar atá

⁶ IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

⁷ IO C , , p. .

⁸ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁹ Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L [...], [...], lch. [...]).

leagtha amach sa [Treoir maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais¹⁰].

- (2) Ar mhaithe le comhsheasmhacht, is gá bearta cur chun feidhme maidir le rialú agus maoirseacht mar aon le ceanglais tuairiscithe ábhartha a leagan síos, agus na rialuithe agus na fíoruithe arna ndéanamh ag na Ballstáit le haghaidh acmhainní dílse nua á gcur san áireamh freisin.
- (3) Mar ábhar éifeachtúlachta agus éifeachtachta, ba cheart a chur san áireamh sna bearta cur chun feidhme maidir le rialú agus maoirseacht a bhaineann leis an acmhainn dhílis bunaithe ar thrádáil astaíochtaí an creat rialaithe a bunaíodh leis an reachtaíocht earnálach go háirithe maidir leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an gCóras Trádála Astaíochtaí a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún¹³.
- (4) Le go mbeifear in ann bearta rialaithe agus maoirseachta le haghaidh acmhainní dílse nua a chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh gach eintiteas a bhfuil baint aige leis na próisis acmhainní dílse rochtain ar na sonraí ábhartha agus an cúnamh is gá do na gníomhairí údaráithe chun a ndualgais a chomhlíonadh.
- (5) Mar ábhar éifeachtachta, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta cur chun feidhme le haghaidh rialú an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha gan dochar do na bearta cur chun feidhme le haghaidh fíorú acmhainní dílse traidisiúnta dá dtagraítear i gCinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.
- (6) Na seiceálacha agus na fiosrúcháin arna ndéanamh ag na Ballstáit a bhaineann le hacmhainní dílse an Aontais a ríomh, a bhunú agus a chur ar fáil, agus rialacha a áirithíonn comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ba cheart iad a leathnú chun na hacmhainní dílse nua a chumhdach.
- (7) Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas agus ar na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Ba cheart trédhearcacht chóras acmhainní dílse an Aontais a áirithiú trí

¹⁰ [Treoir (AE) XXX maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais]

¹¹ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

¹² Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1).

fhaisnéis leormhaith maidir le hacmhainní dílse nua a sholáthar freisin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

- (8) Ba cheart socrúithe tuairiscithe a leathnú chun acmhainní dílse nua a chumhdach chun go mbeidh an Coimisiún in ann faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát chun acmhainní dílse a aisghabháil, go háirithe i gcásanna calaoise agus neamhrialtachtaí.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) 2021/768¹⁴ ón gComhairle a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá céanna le Cinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2023. Ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 6c ó dháta chur i bhfeidhm [na Treorach maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais] nó ó dháta theacht i bhfeidhm agus theacht in éifeacht an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh, cibé acu is déanaí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfar cigireacht ar na hacmhainní dílse dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 mar a shonraítear sa Rialachán seo, gan dochar do Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89, Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** agus Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

* Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) (IO L 91, 29.3.2019, lch. 19).

** Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

*** Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).’;

(b) cuirtear isteach an mhír 6a, an mhír 6b agus an mhír 6c seo a leanas:

¹⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 (IO L 165, 11.5.2021, lch. 1).

‘6a. I gcás ina bhfuil baint ag bearta rialaithe agus maoirseachta leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (e), de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053:

- (a) beidh rochtain ag an gCoimisiún ar shonraí uile an phróisis ceantála a theastaíonn chun acmhainn dhílis bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí a ríomh, lena n-áirítear na sonraí dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún*;
- (b) beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an doiciméadacht a bhaineann le méid bliantúil na lamháltas, a mbaineann an Ballstát ábhartha úsáid as aon cheann de na roghanna seo a leanas ina leith, le meánphraghas ualaithe na lamháltas a chuirtear ar ceant ar an ardán ceantála coiteann sa bhliain ina gcuirfí na lamháltais sin ar ceant:
 - le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10c de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;
 - féidearthacht an chealaithe theoranta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;
 - an úsáid lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 10d(4) de Threoir 2003/87/CE lena gcuirtear ar ceant iad le haghaidh an Chiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d(3) den Treoir sin.
- (c) féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh é féin. Déanfaidh Ballstáit na cigireachtaí sin a éascú.

Mar bheart athbhreithnithe, áiríteoidh an Coimisiún go bhfuil na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (e) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 bunaithe ar na sonraí cearta. Áireofar leis sin seiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht na sonraí foluiteacha le Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010.

6b. I gcás ina bhfuil baint ag bearta rialaithe agus maoirseachta leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (f), de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053:

- (a) Déanfaidh na Ballstáit na seiceálacha agus na fiosrúcháin a bhaineann leis an acmhainn dhílis a ríomh agus a chur ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****;
- (b) féadfaidh an Coimisiún cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh é féin. Na gníomhairí atá údaraithe ag an gCoimisiún chun cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh, beidh rochtain acu ar dhoiciméid mar a leagtar amach le haghaidh na n-athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 6a, pointe (b). Déanfaidh Ballstáit na cigireachtaí sin a éascú;

Beidh rochtain ag an gCoimisiún, a mhéid is gá sin chun Rialachán [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a chur i bhfeidhm, ar na doiciméid tacaíochta a bhaineann le hacmhainní dílse a chur ar fáil.

Le linn na cigireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), den mhír seo, áiríteoidh an Coimisiún, go háirithe, go bhfuil na próisis agus na rialuithe arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun na méideanna a fhíorú agus a chomhiomlánú, go bhfuil siad leormhaith agus go bhfuil

siad i gcomhréir le Rialachán [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.

Na ríomhanna a rinneadh chun méid na hacmhainne dílse dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (f) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 a chinneadh, áiritheoidh an Coimisiún gur ríomhadh i gceart iad. Áireofar leis sin seiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht na sonraí foluiteacha le Rialachán [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.

6c. I gcás ina bhfuil baint ag bearta rialaithe agus maoirseachta leis an acmhainn dhílis bunaithe ar an sciar de bhrabús iarmharach fiontar ilnáisiúnta a ath-leithdháiltear ar na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (g), de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053:

- (a) beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an doiciméadacht tacaíochta arna húsáid ag na Ballstáit a bhaineann leis an acmhainn dhílis a bhunú agus a chur ar fáil;
- (b) déanfar fíoruithe an Choimisiúin in éineacht le húdaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann.

Le linn na bhfíoruithe sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndearnadh i gceart na ríomhanna le haghaidh na hacmhainne dílse dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (g) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053. Áireofar leis sin seiceáil ar chomhlíontacht na sonraí foluiteacha le hath-leithdháileadh sciar de bhrabús iarmharach fiontar ilnáisiúnta a leithdháiltear ar Bhallstáit.

* Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Aontas (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1).

** Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gáis ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

*** Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghdúithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

**** Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Beidh na bearta rialaithe, maoirseachta agus athbhreithnithe dá dtagraítear san Airteagal seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

- (a) na cigireachtaí a dhéanann na Ballstáit i gcomhréir lena ndlíthe, lena rialacháin nó lena bhforálacha riaracháin náisiúnta;
- (b) na bearta a ndéantar foráil maidir leo in Airteagail 287 agus 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- (c) na bearta a ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 325 CFAE agus a shonraítear a thuilleadh i mbearta ábhartha de chuid an Aontais;
- (d) na socruithe cigireachta a dhéantar de bhun Airteagal 322(1), pointe (b), CFAE;
- (e) Airteagail 53 agus 79 de Threoir 2014/65/AE;

- (f)** na hoibleagáidí i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais trédhearcachta le haghaidh ionaid trádála agus gnólachtaí infheistíochta i leith bannaí, táirgí airgeadais struchtúrtha, lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh;
- (g) Airteagail 14 agus 15 de Threoir 2003/87/CE;
- (h) Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
- (i) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;
- (j)** Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***.

* Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

** Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

*** Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Chun críocha na mbeart rialaithe agus maoirseachta faoi mhíreanna 3 go 6c, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit doiciméid nó tuarascálacha ábhartha a sheoladh chuig an gCoimisiún a bhaineann leis na córais a úsáidtear chun acmhainní dílse a bhailiú, nó doiciméid nó tuarascálacha den sórt sin a chur ar fáil dó.’;

(2) in Airteagal 4(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Tarraingeofar aird na mBallstát uile ar na torthaí agus na barúlacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, chomh maith leis an tuarascáil achomair a ullmhaíodh i leith rialuithe ar na hacmhainní dílse dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (b), (c), (f) agus (g) de Chinneadh (AE, Euratom 2020/2053).’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh 20xx/xxxx/AE, Euratom lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh feidhm ag Airteagal 6c, áfach, ó dháta chur i bhfeidhm na [Treorach maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda i dtaca le hath-leithdháileadh a dhéanamh ar chearta chun cánachais] nó ó dháta theacht i bhfeidhm agus in éifeacht an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh, cibé acu is déanaí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Na réimsí beartais
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialúcháin
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas
 - 3.2.1. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun na hacmhainní dílse a chur ar fáil bunaithe ar an gcóras trádála astaíochtaí, an coigeartú charbóin ar theorainneacha agus brabúis a ath-leithdháileadh agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh

Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 2021/768 an 30 Aibreán 2021 a mhéid a bhaineann le forálacha cur chun feidhme maidir le hacmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ioncam bhuiséad an Aontais

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹⁵

☐ síneadh ama le beart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Leanann na tograí sin na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Iúil 2020 agus as comhaontú idirinstiúideach mhí na Nollag 2020¹⁶ maidir le treochlár chun dóthain acmhainní dílse nua a thabhairt isteach d'fhonn méid a chumhdach a chomhfhreagraíonn don chaiteachas a bhfuiltear ag súil leis a bhaineann le haisíoc Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Tá an togra nasctha leis an togra COM(2021) 570 final lena leasaítear an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, arna glacadh an 22 Nollaig 2021.

Deanfaidh an togra tosaíochtaí beartais an Aontais a leabú a thuilleadh freisin i dtaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais.

1.4.2. Cuspóir(i) sonracha(a)

Leis an togra COM(2021) 570, final féachtar le trí acmhainn dhílis nua a thabhairt isteach:

¹⁵ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

¹⁶ Comhaontú idirinstiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid a leanas; smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha, bainistíocht fhónta airgeadais agus acmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

(1) Acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar an gCóras Trádála Astaíochtaí lena gcumhdaítear síneadh an chórais sin chun an earnáil mhuirí a áirithiú agus ceantáil mhéadaithe lamháltas san eitlíocht agus ar an gCóras Trádála Astaíochtaí nua lena gcumhdaítear iompar agus foirgneamh de bhóthar;

(2) Acmhainn dhílis nua bunaithe ar shásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha;

(3) Acmhainn dhílis nua bunaithe ar sciar de bhrabús ó fhiontair ilnáisiúnta a ath-leithdháiltear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an chomhaontaithe dhomhanda maidir le cánachas idirnáisiúnta ('Colún 1 faoi Chreat Cuimsitheach OECD/G20').

Le hacmhainní dílse nua, déanfar taobh ioncaim de bhuiséad an Aontais a ailíniú tuilleadh le tosaíochtaí beartais an Aontais. Ar an gcéad dul síos, níl teorainneacha ar bith ag astaíochtaí, rud a fhágann gur gá gníomhaíocht ón Aontas, agus dá bhrí sin bonn iomchuí a leagan síos d'acmhainní dílse an Aontais. Is ionstraimí uile-AE iad trádáil astaíochtaí agus Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha lena bhfóntar don chuspóir comhchoiteann astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sin ar an gcostas is lú, trí uasteorainn a chur ar astaíochtaí agus comhartha faoi phraghas an charbóin a sholáthar. Ar an dara dul síos, déanfar an comhaontú domhanda maidir le hath-leithdháileadh cearta chun cánachais a chur chun feidhme san Aontas agus sainiúlachtaí an Mhargaidh Aonair á n-urramú. Mar thoradh air sin, beidh sé sin ina bhonn Eorpach freisin d'acmhainn dhílis.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil síil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Ba cheart go n-áirítheodh na hacmhainní dílse nua nach mbeidh de thoradh ar chaiteachas bhuiséad an Aontais i ndáil le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc go mbeidh laghdú míchuí ar chaiteachas cláir ná ar ionstraimí infheistíochta faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil. An tráth céanna, maolóidh siad na méaduithe san acmhainn dhílis atá bunaithe ar an ollioncam náisiúnta do na Ballstáit.

1.4.4. *Táscairí lena léireofar torthaí agus tionchar*

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Ba cheart go gcuirfí an creat ar fáil leis an togra seo chun go gcuirfear ioncam ó thrádáil astaíochtaí agus sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ar fáil go tráthúil agus go cruinn do bhuiséad an Aontais. Áireofar leis freisin cur ar fáil na hacmhainne dílse bunaithe ar sciar de bhrabúis iarmharacha ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a ath-leithdháilfear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Na rialacha maidir le cur ar fáil do bhuiséad an Aontais, ba cheart iad a chomhaontú in am chun cur chun feidhme tráthúil an chiseáin Acmhainní Dílse nua a áirithiú.

Áiríodh sa chomhaontú idirinstiúideach amlíne mhionsonraithe chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach. Gheall an Coimisiún go ndéanfaidh sé tograí maidir le hacmhainní dílse nua faoi 2021 d'fhonn iad a thabhairt isteach in 2023.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

Ag tús na géarchéime COVID-19, rud nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, chuir an Coimisiún i láthair plean téarnaimh uaillmhianach, nuálach agus eisceachtúil chun an tAontas a chur i dtreo téarnaimh inbhuanaithe athléimneach. Le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (dar teideal NextGenerationEU), a d'fhorghaas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go foirmiúil an 14 Nollaig 2020, slógtar suas le EUR 750 billiún chun aghaidh a thabhairt ar an dochar eacnamaíoch agus sóisialta a rinne an phaindéim. In éineacht le buiséad fadtéarmach an Aontais, an creat airgeadais ilbhliantúil, EUR 1.8 trilliún atá ann ar an iomlán chun cuidiú leis an Eoraip a atógáil i ndiaidh COVID-19. Áirítheofar le hacmhainní dílse nua inchreidteacht agus inbhuanaitheacht phlean aiséadaíochta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá na tograí seo nasctha leis an leasú ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse. Tugtar soiléiriú iontu le chéile ar an idirghníomhaíocht idir na forálacha maidir le hAcmhainní Dílse agus na gníomhartha reachtacha maidir le trádáil astaíochtaí agus an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus an gníomh reachtach a bheidh ann amach anseo maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe dhomhanda maidir le hath-leithdháileadh cearta chun cánachais.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá na tograí sin nasctha leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil agus is é is aidhm dóibh uasteorainneacha CAI le haghaidh chaiteachas an Chiste Shóisialta don Aeráid a mhéadú agus sásra coigeartaithe bliantúil uathoibríoch a chruthú chun go bhféadfar acmhainní dílse nua a chur ar fáil chun tacú le haisíocaíocht an Aontais dar teideal NextGenerationEU faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Neamhbhainteach.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

- ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**
- ☐ Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB
- ☒ Togra/tionscadal a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse neamhtheoranta**
- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 01/01/2021 go 31/12/2022,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán in é ón 1/1/2023.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

- ☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún
- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- ☐ **Bainistiú atá comhroinnte** leis na Ballstáit
- ☐ **Bainistiú indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:
- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 208 agus 209 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais leo;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

Ní bhaineann le hábhar

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Na forálacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh i ndáil le hacmhainn dhílis a chur ar fáil mar atá bunaithe ar thrádáil astaíochtaí, ar an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus ar ranníocaíocht atá bunaithe ar bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí, arna n-ath-leithdháileadh ar Bhallstáit an Aontais, is féidir teacht orthu sa togra COM(2022)..... le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 an 30 Aibreán 2021 maidir le bearta cur chun feidhme d'acmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh.

2.2. Córas bainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. Na rioscaí a sainithníodh

Ar na rioscaí is mó a d'fhéadfadh a bheith ann, tá an méid seo a leanas: bunú mícheart na n-acmhainní dílse nua, an iontráil mhícheart sna cuntais, an acmhainn a chur ar fáil go déanach agus earráidí cuntasáíochta.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm

Tá modhanna rialaithe beartaithe sa togra lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le rialú agus maoirseacht agus ceanglais ábhartha maidir le tuairisciú.

2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis

Ba cheart leas airgeadais an Aontais a chosaint le bearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart do na húdaráis náisiúnta agus do Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh pionóis riaracháin agus airgeadais a ghearradh agus a chur chun feidhme.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Bearta coisc agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe a shonrú.

Áirítear forálacha maidir le rialú agus maoirseacht chun acmhainní dílse nua a ríomh in COM(2022) le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 an 30 Aibreán 2021 a mhéid a bhaineann le bearta cur chun feidhme le haghaidh acmhainní dílse nua an Aontais Eorpaigh agus reachtaíocht earnála ábhartha do gach ceann de na hacmhainní dílse nua atá beartaithe

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Líon	LD/LN. ¹⁷	ó thíortha de chuid CSTE ¹⁸	ó thíortha is iarrthóirí ¹⁹	ó thíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
7	20 01 02 01	Neamhdhif.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

¹⁷ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹⁸ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹⁹ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard- Stiúrthóireacht: BUDG							
• Acmhainní daonna		0,157	0,471	0,628	0,785	1,57	3,611
• Caiteachas riaracháin eile							
IOMLÁN AS BUDG	Leithreasuithe	0,157	0,471	0,628	0,785	1,57	3,611

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard- Stiúrthóireacht: CLIMA							
• Acmhainní daonna		0,157	0,157	0,157	0,157	0,157	0,785
• Caiteachas riaracháin eile							
IOMLÁN AS CLIMA	Leithreasuithe	0,157	0,157	0,157	0,157	0,157	0,785

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard- Stiúrtóireacht: TAXUD							
• Acmhainní daonna		0	0,043	0,043	0,043	0,043	0,17
• Caiteachas riaracháin eile							
IOMLÁN AS TAXUD	Leithreasuithe	0	0,043	0,043	0,043	0,043	0,17

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na híocaíochtaí)	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572
--	--	-------	-------	-------	-------	-------	-------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572
	Íocaíochtaí	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ann ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil						
Acmhainní daonna	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572
Caiteachas riaracháin eile						
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7²⁰ of the multiannual financial framework						
Acmhainní daonna						
Caiteachas eile de chineál riaracháin						
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil						

IOMLÁN	0,314	0,672	0,829	0,986	1,177	4,572
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó ar athshannadh iad laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

²⁰ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indéireach, taighde díreach.

3.2.2.1 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2	4	5	6	11
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
01 01 01 11 (Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)²¹					
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)		0,5	0,5	0,5	0,5
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
XX 01 xx yy zz ²²	- sa Ceanncheathrú				
	- i dToscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
01 01 01 12 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN	2	4,5	5,5	6,5	11,5

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le cur i gcrích:

Oifigigh agus foireann shealadach	Chun críche réamhaisnéise, cigireachta agus buiséadaithe in Ard-Stiúthóireacht an Bhuiséid, tá gá le foireann bhreise chun na hacmhainní dílse nua a chur chun feidhme agus a ullmhú, mar aon le post breise chun AS CLIMA a chur chun feidhme agus a ullmhú.
Foireann sheachtrach	Chun críche rialaithe, tá gá le foireann bhreise in AS TAXUD freisin.

²¹ AC = Ball Foirne ar Conradh; AL = Ball Foirne Áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

²² Fo- uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibriochtaí (seanlínte ‘BA’)

3.2.3. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- ☐ is gá athbhreithniú ar CAI. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..
- ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☒ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR billiún (praghsanna 2018)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ²³				
		Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Acmhainn dhílis atá bunaithe ar OIN		4.2	3.0	3.6	13.1	14.4
Acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBAM		-	-	-	-	-
Acmhainn Dhílis bunaithe ar Chólún 1 OECD/G20		-	-		2.5-4.0	2.5-4.0

I gcás ioncam sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Neamhbhainteach.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Ní féidir tionchar a bheith ag aon acmhainn dhílse ar ranníocaíocht OIN. Tá na ríomhanna comhsheasmhach leis na measúnuithe tionchair earnála, nuair is infheidhme.

²³

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint astu.